Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Feabhra 2022
(OR. en)

6054/22
ADD 1

LIMITE

PUBLIC 7
INF 20

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | ACHOIMRE MHÍOSÚIL AR GHNÍOMHARTHA NA COMHAIRLE - EANÁIR 2022 |

Sa doiciméad seo, liostaítear na gníomhartha a ghlac an Chomhairle i mí Eanáir 2022.

Tá faisnéis ann maidir le glacadh gníomhartha neamhreachtacha, lena n-áirítear dáta an ghlactha.

Tá an doiciméad seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle freisin ag:

Achoimrí míosúla ar ghníomhartha na Comhairle (gníomhartha) - Consilium

Ba cheart a thabhairt ar aird gur mar fhaisnéis amháin a chuirtear an doiciméad seo ar fáil.

| FAISNÉIS FAOI NA GNÍOMHARTHA NEAMHREACHTACHA A GHLAC AN CHOMHAIRLE I MÍ EANÁIR 2022 | |
|---|---|
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 12 Eanáir 2022** | **CM 1145/22** |
| Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle maidir leis an sásra comhordúcháin oibríochtúil le haghaidh ghné sheachtrach na himirce (MOCADEM)<br>Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/60 ón gComhairle an 12 Eanáir 2022 maidir leis an Sásra Comhordúcháin Oibríochtúil le haghaidh Ghné Sheachtrach na hImirce<br>IO L 10, 17.1.2022, lgh. 79–81 | 5095/22 |
| **Ráiteas ón Ostair le tacaíocht ón Danmhairg** | CM 5204/21 |
| Is díol sásaimh don Ostair gur bunaíodh sásra chun comhordú oibríochtúil a dhéanamh ar ghné sheachtrach na himirce (MOCADEM). Tá sé an-tábhachtach don Ostair go mbeidh na Ballstáit agus a gcuid saineolaithe (go háirithe saineolaithe imirce, amhail cinn toscaireachtaí SCIFA) rannpháirteach go foirmiúil sa sásra. | |
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 27 Eanáir 2022** | **CM 1431/1/22 REV1** |
| Formheas an doiciméid *EU-Kenya Strategic Dialogue - Joint Declaration* [An tIdirphlé Straitéiseach idir an tAontas Eorpach agus an Chéinia – Dearbhú Comhpháirteach]. | 5310/22 |
| **Ráiteas léiritheach ón bPolainn maidir le hinscne** | |
| Tabhair faoi deara go ndearbhaíonn an Pholainn, i gcás ina gcoimeádtar sa téacs tagairt do 'chomhionannas inscne', gur mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gconarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le hionstraimí maidir le cearta an duine atá ceangailteach go hidirnáisiúnta agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, aon áit a dtagraíonn 'inscne' don chomhionannas inscne, léireoidh an Pholainn é mar chomhionannas idir mná agus fir i gcomhréir le hAirteagail 2 agus 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 8 agus Airteagal 157 mír 3 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Dá réir sin, déanfaidh an Pholainn nathanna eile ina bhfuil an téarma 'inscne' a léiriú mar 'ghnéas', i gcomhréir le hAirteagal 10, Airteagal 19 mír 1 agus Airteagal 157(2) agus (4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. | CM 1431/1/22 REV1 |

PUBLIC

PUBLIC

| | |
|---|---|
| **An nós imeachta i scríbhinn a cuireadh i gcrích an 27 Eanáir 2022** | **CM 1345/22** |
| *Rialachán ón gComhairle lena socraítear deiseanna iascaireachta le haghaidh 2022 maidir le stoic éisc agus grúpaí stoc éisc áirithe is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh*<br>Rialachán (AE) 2022/110 ón gComhairle an 27 Eanáir 2022 lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh<br>IO L 21, 31.1.2022, lgh. 165–186 | 15090/21 |
| **Ráiteas ón Spáinn maidir le cur chun feidhme phlean ilbhliantúil an Aontais do na stoic iascaireachta ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar** | 5546/22 |
| Tá an Spáinn tiomanta go hiomlán do théarnamh na n-acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir, mar a léirítear leis an tacaíocht láidir a thugann sí don phlean ilbhliantúil don Mheánmhuir Thiar agus leis an gcur i bhfeidhm docht a dhéanann sí ar an bplean sin.<br>Ina theannta sin, tá an Spáinn tiomanta do chuspóir bunúsach eile a shásamh freisin, a mhéid is féidir, is é sin an cuspóir socheacnamaíoch, a thagann chun cinn i dtionscal iomaíoch iascaireachta agus lena ngabhann, de bhreis ar an bhfostaíocht, an iliomad sochar mar bhonn amháin d'aiste bia na Meánmhara, arb é an t-iasc é, agus don tacaíocht dár bpobail iascaigh ar cuid iad dár n-oidhreacht chultúrtha.<br>Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, tá bearta eile molta, de rogha ar na laghduithe breise iarrachta bunaithe ar chlabhsúir agus roghnaíocht, a ndearna ár bpobal eolaíochta obair na gcapall ina leith agus ar thángthas ar chomhdhearcadh tábhachtach ina leith leis an tionscal a bhfuil siad dírithe air.<br>Tá sé molta ag an Spáinn go nglacfaí bearta chun roghnaíocht a fheabhsú bunaithe ar thuarascálacha STECF, ina léirítear gurb úsáidí an roghnaíocht ná laghduithe, leo féin, ar an iarracht iascaireachta, chun bainistiú inbhuanaithe socheacnamaíoch agus bitheolaíoch a dhéanamh ar acmhainní iascaireachta. Níor bunaíodh, áfach, sa chomhréiteach a ghlac an Chomhairle, dreasacht leordhóthanach d'iascairí an comhréiteach sin a chur chun feidhme.<br>Iarrann an Spáinn, i bhfianaise na faisnéise eolaíche deireanaí go léir a d'fhéadfadh a bheith ar fáil, go ndéanfaí meastóireacht iomlán mheántéarma ar chur i bhfeidhm an phlean ilbhliantúil, i bhfianaise a ábharthachta ollmhóire agus na n-éifeachtaí ollmhóra a bhíonn aige faoi láthair, agus a bheidh aige amach anseo, ar ár bpobail iascaireachta. | |